C/2026/4840

14.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12604 — PARTNERS GROUP / AVK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4840)

1. An 2 Meán Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Partners Group AG (an Eilvéis), faoi rialú Partners Group Holding AG (an Eilvéis),

— AVK Power Solutions Limited (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Partners Group AG rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar AVK Power Solutions Limited ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

Tugadh fógra maidir leis an gcomhchruinniú céanna don Choimisiún cheana an 17 Lúnasa 2026, ach tarraingíodh an fógra siar ina dhiaidh sin an 18 Lúnasa 2026.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Partners Group AG – bainistíocht infheistíochta ar fud an chothromais phríobháidigh, an bhonneagair phríobháidigh, an fhiachais, na ríchíosanna agus an eastáit réadaigh,

— AVK Power Solutions Limited – gineadóirí agus trealamh coimhdeach eile a bhaineann le cumhacht le haghaidh lárionaid sonraí a sholáthar, a shuiteáil, a choimisiúnú agus a chothabháil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12604 — PARTNERS GROUP / AVK

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË